



AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUaidH THEAS

AN CEATHRÚ CRUINIÚ IOMLÁNACH IS FICHE

CAISLEÁN BHAILE ÁTHA CLIATH

31 IÚIL 2020

COMHRÁITEAS

1. Tionóladh an ceathrú cruinniú iomlánach is fiche den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 31 Iúil 2020.
2. Bhí toscaireacht Rialtas na hÉireann faoi cheannasaíocht an Taoisigh, Micheál Ó Máirtín TD, a rinne cathaoirleacht ar an gcrúinniú. Bhí toscaireacht Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann faoi cheannasaíocht an Chéad-Aire, an Ró-Onórach Arlene Foster CTR, agus an LeasChéad-Aire, Michelle O'Neill CTR. Tá liosta iomlán de bhaill an dá thoscaireacht faoi iamh mar larscríbhinn.
3. D'fháiltigh na hAirí roimh chruinnithe na Comhairle a bheith ar siúl arís. Thug an cruinniú deis do Rialtas nua na hÉireann agus d'Fheidhmeannas nua Thuaisceart Éireann casadh go foirmiúil den chéad uair agus tuairimí a mhalartú ar raon leathan saincheistanna atá ina n-ábhair suime agus bhuartha don dá dhream.

OBAIR NA COMHAIRLE AIREACHTA THUaidH THEAS

4. Thug na Comhrúnaithe tuairisc do na hAirí ar obair CATT ó bhí 2016 ann, lena n-áirítear obair ar tugadh fúithi in earnálacha éagsúla CATT. Thug siad dá n-aire go raibh trí chruinniú den Chomhairle ann ón gcruinniú Iomlánach deireanach i Samhain 2016, lena n-áirítear cruinniú Institiúideach amháin.
5. Thug an Chomhairle dá haire go bhfuil obair na gComhlachtaí Thuaidh Theas tar éis leanúint de chur go suntasach le pobail, leis an tsochaí agus leis an ngeilleagar sa dá dhlínse, agus ghlac sí buíochas leis na Boird agus le foireann na gcomhlachtaí seo as a gcuid oibre ó bhí 2016 ann. Chuir an Chomhairle fáilte freisin roimh an gcomhar, a chuaigh chun tairbhe don dá dhream, a bhfuil Airí agus a Ranna tar éis a ghlacadh ar láimh trasna na Réimsí Comhair.
6. Thug na hAirí dá n-aire obair leanúnach Pháirtíocht Fáis Straitéisigh an Iarthuaiscirt agus oifigigh shinsearacha ón dá Lucht Riarachán a bheith rannpháirtíoch go leanúnach le scairshealbhóirí réigiúnacha maidir le treo agus tosaíochtaí do réigiún an Iarthuaiscirt.

FREAGAIRT DO COVID-19

7. Thug na Príomh-Dhochtúirí Oifigiúla, an Dr. Ronan Glynn agus an Dr. Michael McBride, eolas don Chomhairle ar an gcor reatha sláinte poiblí agus ar chomhar leanúnach sa fhreagairt do phaindeim Covid-19.
8. Rinne na hAirí comhbhrón leo sin ar fad a chaill daoine ionúine dá gcuid de dheasca phaindeim Covid-19. Ghlac siad a mbuíochas leo sin ar fad a raibh ról acu sa fhreagairt do Covid-19, go háirithe na hoibrithe sláinte agus cúraim shóisialaigh a bhfuil crógacht agus díograis as an ngnách léirithe acu ina gcuid oibre ar an líne thosaigh.
9. Thug an Chomhairle dá haire gur chas ionadaithe sinsearacha ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann, agus a bPríomh-Dhochtúirí Oifigiúla, ag oifigí Chomhrúnaíocht CATT in Ard Mhacha ar an 14 Márta chun an staid maidir le víreas Covid-19 a athbhreithniú agus conas ab fhearr dul i ngleic leis an ráig. Ag an gcruinniú sin dhearbhaigh na hAirí go ndéanfaí gach rud a bhféadfaí a dhéanamh i gcomhordú agus i gcomhar idir Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann agus le rannpháirtíocht ghníomhach riarthóirí sláinte sa dá dhlínse chun dul i ngleic leis an ráig. Tá ionadaithe sinsearacha ón dá Lucht Riarachán tar éis a bheith cruinniú go rialta leis an bhfreagairt leanúnach do Covid-19 a phlé.
10. Thug an Chomhairle dá haire an Meabhrán Tuisceana maidir le Comhar Sláinte Poiblí sa Fhreagairt do Covid-19 arna aontú idir Ranna Sláinte, Thuaidh agus Theas, ar an 7 Aibreán. D'fháiltigh an Chomhairle roimh an gcomhar dlúth agus torthúil a tharla idir Airí Sláinte, Príomh-Dhochtúirí Oifigiúla agus riarthóirí sláinte, Thuaidh agus Theas, chun freagairt sláinte poiblí éifeachtach a sholáthar.

11. Chomhaontaigh na hAirí gur chóir go mbeadh cruinniú den Chomhairle san Earnáil sláinte ann go luath chun go ndéanfaí athbhreithniú ar chomhar leanúnach sa fhreagairt don phaindéim.
12. Thug an Chomhairle dá haire an tionchar atá ag an bpaindéim ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar, Thuaidh agus Theas, agus na bearta a chuir an dá Lucht Riarachán i bhfeidhm chun tacú le pobail agus gnólachtaí ar imir an ghéarchéim tionchar orthu agus chun cabhrú le téarnamh eacnamaíochta. Chomhaontaigh na hAirí go measfar i gcruinnithe den Chomhairle in earnálacha iomchuí sa todhchaí conas mar a d'fhéadfadh cuir chuige Thuaidh-Theas cur le téarnamh eacnamaíochta agus sóisialta a chur chun cinn.

GEALLTANAS RÉ NUA, CUR CHUIGE NUA

13. Thug na hAirí dá n-aire gealltanais leanúnach Rialtas na hÉireann agus Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann oibriú tríd an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas chun cabhrú le tionscadail a sholáthar a bheidh chun leas daoine ar fud an oileáin, lena n-áirítear trí infheistiú i mbonneagar a thacóidh le comhar agus a scaoilfidh poitéinseal iomlán gheilleagair an dá dhlínse.
14. D'fháiltigh an Chomhairle roimh dhul chun cinn go dáta ó thaobh gealltanais a chur ar aghaidh, gealltanais a aithníodh i Roinn E de Chomhaontú an Túis Úir a bhaineann le bonneagar chun tacú le comhar, agus thug sí dá haire na gealltanais nua agus athnuaithe a leagadh amach i *Ré Nua, Cur Chuige Nua* agus na gealltanais ghaolmhara ó Rialtas na hÉireann.
15. D'iarr an Chomhairle go nglacfaidh na hAirí iomchuí pléití ar na gealltanais seo ar láimh, lena n-áirítear, nuair is cuí, trí obair earnálacha iomchuí CATT. Thug an Chomhairle dá haire freisin go leanfaidh oifigigh shinsearach de chasadh go rialta chun forléargas straitéiseach a choinneáil ar na tionscadail agus ar na gealltanais a leagadh amach i *Ré Nua, Cur Chuige Nua*, agus chomhaontaigh sí go dtabharfar nuashonrú ar chur i bhfeidhm ghealltanais *Ré Nua, Cur Chuige Nua* chuig an gcéad chruinniú iomlánach eile de CATT.

IMPLEACHTAÍ RA DO THARRAINGT SIAR AS AE

16. Rinne an Chomhairle plé ar Impleachtaí RA do tharraingt siar as AE, lena n-áirítear an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann. Aithníodh an leas comhchoiteann atá ann don dá dhlínse laghdú a dhéanamh ar chur isteach ar thrádáil agus ar ghníomhaíocht gheilleagrach ar an oileán agus bhí na hAirí ag súil le tuilleadh idirphlé ar an ábhar seo ag cruinnithe Earnála CATT.
17. Leanfaidh idirphlé ag leibhéal oifigiúil, agus ag leibhéal na nAirí taobh amuigh de struchtúir na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas chomh maith.

BOIRD COMHLACHTAÍ FORFHEIDHMITHE THUaidh/THEAS AGUS THURASÓIREACHT ÉIREANN

18. D'fhaomh an Chomhairle ceapachán Stiúrthóirí chun Bord Thurasóireacht Éireann, agus chomhaontaigh sí go ndéanfar ceapacháin chun folúntais atá fós

ann ar Bhoird Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas a líonadh ag cruinnithe den Chomhairle amach anseo.

CRUINNITHE CATT SA TODHCHAÍ

19. D'fhaomh an Chomhairle sceideal de chruinnithe CATT a mhol an Chomhrúnaíocht, agus chomhaontaigh sí go measfaidh na hAí ag cruinnithe earnála amach anseo tosaíochtaí agus cláir oibre sna réimsí earnála iomchuí. Chomhaontaigh an Chomhairle go dtionólfar an chéad Chruinniú Iomlánach eile i mí na Nollag 2020.

An Chomhrúnaíocht
31 Iúil 2020

IARSCRÍBHINN**CRUINIÚ DEN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUATH THEAS
CAISLEÁN BHAILE ÁTHA CLIATH – 31 IÚIL 2020**

Rialtas na hÉireann	Feidhmeannas Thuaisceart Éireann
Micheál Ó Máirtín TD Taoiseach	An Ró-Onórach Arlene Foster CTR Céad-Aire
Leo Varadkar TD Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	Michelle O'Neill CTR LeasChéad-Aire
Éamon Ó Riain TD Aire Gníomhaithe ar son na hAeráide, Líonraí Cumarsáide agus Iompair	Diane Dodds CTR Aire Geilleagair
Pascal Ó Donnchú TD Aire Airgeadais	Nichola Mallon CTR Aire Bonneagair
Micheál Mac Craith TD Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	Conor Murphy CTR Aire Airgeadais
Síomón Ó Cómhanaigh TD Aire Gnóthaí Eachtracha agus Aire Cosanta	Carál Ní Chuilín CTR Aire Pobal
Norma Ní Fhoghlú TD Aire Oideachais	Edwin Poots CTR Aire Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe
Ruaidhrí Mac Gormáin TD Aire Leanaí, Míchumais, Comhionannais agus Lánpháirtíochta	Robin Swann CTR Aire Sláinte
Eiléana Nic an tSaoi TD Aire Dlí agus Cirt	Peter Weir CTR Aire Oideachais
Heather Mhic Unfraidh TD Aire Coimirce Sóisialaí, Forbartha Pobail agus Tuaithe agus Oileán	Declan Kearney CTR Aire Sóisearach, Oifig an Fheidhmeannais
Darragh Ó Briain TD Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht	Gordon Lyons CTR Aire Sóisearach, Oifig an Fheidhmeannais
Caitríona Ní Mháirtín TD Aire Meán, Turasóireacht, Ealaíon, Cultúir, Spóirt agus Gaeltachta	
Stiofán Ó Donnghaile TD Aire Sláinte	
Síomón Ó hEarchaí TD Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Nuálaíochta agus Eolaíochta	
Dara Mac Giolla Laoire TD An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara	